RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/938 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Áirítear bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* mar bhia núíosach údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/760 ón gCoimisiún ([3]) údaraíodh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* a chur ar an margadh mar bhia núíosach lena úsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), seachas forbhianna do naíonán agus leanaí óga.

(5) An 27 Iúil 2020 chuir an chuideachta Skotan S.A. ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, iarratas ar athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*. D'iarr an t-iarratasóir úsáid bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* a leathnú chun ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú, ar ionadaigh ar bhéilí iad atá beartaithe do dhaoine fásta, a chumhdach. D'iarr an t-iarratasóir freisin go n-athrófaí lipéadú ainmniú an bhia núíosaigh.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") an 21 Nollaig 2020, agus d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim eolaíoch a sholáthar maidir leis an athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*.

(7) An 1 Iúil 2022 ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch uaidh dar teideal "*Safety of an extension of use of* Yarrowia lipolytica *yeast biomass as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* [Sábháilteacht bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* mar bhia núíosach i ndáil le leathnú úsáide ina leith de bhun Rialachán (AE) 2015/2283]" ([5]) i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(8) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an t-athrú atá beartaithe sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, agus dá bhrí sin is iomchuí coinníollacha úsáide bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* a leasú.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/760 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2019 lena n-údaraítear bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 125, 14.5.2019, lch. 13).

([4]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

([5]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(7):7450.

(9) I gcomhréir le coinníollacha úsáide ionadach ar bhéilí chun meáchan a rialú ina bhfuil bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* mar atá beartaithe ag an iarratasóir agus mar a ndearna an tÚdarás measúnú orthu, is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas trí bhíthin lipéad iomchuí nár cheart ach do dhaoine os cionn 18 bliana d'aois ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú ina bhfuil bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* a thomhailt, agus nár cheart na hionadaigh sin a úsáid má thomhlaítear forbhianna arna mbreisiú le bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* an lá céanna.

(10) Is leor an foras atá le fáil san fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas agus sa tuairim ón Údarás chun a shuí go bhfuil na hathruithe a iarrtar ar choinníollacha úsáide agus ar lipéadú ainmniú (an téarma "maraithe le teas" a bhaint) an bhia núíosaigh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhormheas.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh "bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*" i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
"Bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*	*Catagóir shonraithe bhia*	*Uasleibhéil*	1. Is é "bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*" ainmniú an bhia thraidisiúnta a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu. 2. An lipéadú ar ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú ina bhfuil bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*, beidh ráiteas air nár cheart ach do dhaoine atá os cionn 18 mbliana d'aois úsáid a bhaint as na hionadaigh sin, agus nár cheart iad a úsáid má thomhlaítear forbhianna ina bhfuil bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* an lá céanna."		
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas forbhianna do naíonán agus leanaí óga	6 g/lá do leanaí atá 10 mbliana d'aois nó níos sine, d'ógánaigh agus do dhaoine fásta i gcoitinne 3 g/lá do leanaí idir 3 agus 9 mbliana d'aois			
	Ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú le haghaidh daoine fásta	3 g/béile (uasmhéid 2 bhéile/lá, suas le huasmhéid 6 g/lá)			